

Eleathanach 404



Dé Luain, an 28 Feabhra 2022



Damhsa le linn COVID 19


Le linn Covid, thosaigh daoine óga ag damhsa. Bhí siad ag damhsa agus bhí go leor craic acu.

Ba iad na damhsaí coitianta ná *Renegade* agus *Blinding Lights*. Rinne Charlie D'Amelio an *Renegade* ar dtús. Chruthaigh daoine óga gach cineál físeáin. Bhí an damhsa *Renegade* i ngach áit.

Ghlac na Gardaí páirt freisin. An bhfaca sibh iad ag damhsa? Rinne siad an damhsa *Jurusalem!* Bhí siad ar fheabhas.

An bhfuil aon damhsa cáiliúil ar eolas agat?

Scríofa ag Emma agus Sophie



Super Bowl 2022

Bhí an Super Bowl ar siúl sa Staid SoFi in California ar an gcúigiú lá déag de mhí Feabhra 2022. D'imir Los Angeles Rams in aghaidh Cincinnati Bengals.


D'fhéach seachtó míle duine ar an gcluiche sa staid. Thosaigh an cluiche ar leathuair tar éis a sé. Bhí an seó leathama ar siúl ag a hocht a chlog.

Chan Dr Dre, Eminem, Kendrick Lamar, Mary J Blige, 50 Cent agus Snoop Dogg ag an seó leathama. Bhuaigh an Rams an cluiche!

Scríofa ag Lee, Ciara agus Zara



Seo an damhsa *Renegade*.



Seo an damhsa *Blinding Lights*.



Ceol BTS!

An mbíonn tú ag éisteacht le ceol? Cad iad na hamhráin is fearr leat? An bhliain seo caite d'fhéachamar ar na Grammys. Bhí sé go maith ach, bhí tuairimí éagsúla againn!

Bhuaigh Billie Elish taifead na bliana ach is maith linn Beyonce. Cén fath nár bhuaigh Beyonce?!

Bhuaigh Lady Gaga agus Ariana Grande an 'pop duo' is fearr. Theastaigh uainn go mbeadh an bua ag BTS! Is breá linn an t-amhrán *Dynamite*.

Beidh na Grammys ar siúl in Las Vegas i Mí Aibreáin 2022. Tá muid ag súil go mór leis. An mbeidh tú ag féachaint ar na Grammys i mbliana?

Scríofa ag Robyn agus Busisiwe



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

